
# Mara Duit...

**Pleanáil Teanga**
Chloich Cheann Fhaola
*www.ptccf.com*

*Nuachtlitir ó Choiste Pleanála Teanga Chloich Cheann Fhaola*

*Márta 2019*



## Fóram Pleanála Teanga Chloich Cheann Fhaola.

*suas le 100 ball den phobal i láthair i Halla Fionnáin an mhí seo caite*

Bhí suas le 100 ball den phobal i láthair i Halla Fionnáin ar na Croisbhealaí an mhí seo caite, áit ar thionóladh an chéad chruinniú de 'Fóram Pleanála Teanga Chloich Cheann Fhaola'. Faoi stiúir an áisitheora, Páraic Mac Donncha, rinne na rannpháirtithe plé ar na gnímh ar cheart don choiste pleanála teanga dul i ngleic leo sa bhliain amach romhainn. Bhí ionadaithe i láthair ó chuid mhaith d'eagraíochtaí, cumainn spóirt agus grúpaí an cheantair. Bhí plé bhríomhar le brath sa halla agus rinneadh cinneadh go ndíreoidh an pleanáil teanga ar na gnímh seo a leanas sa chéad bhliain: scéim comharthaíochta le cur in iúl go bhfuil seirbhísí Gaeilge ar fáil i ngnó an cheantar; Fóram na n-óg, Déanfaidh an ghlúin óg cinnidh maidir le tuilleadh deiseanna sóisialta i nGaeilge a chur ar fáil do dhéagóirí; grúpaí thachráin agus tuistí Gaeilge a bhunú. Is mian leis an fhóram go gcuirfí roinnt gnímh eile i gcrích i gcaitheamh na bliana.



Bhí an méid seo le rá ag Bearnaí ó Ghallchóir, cathaoirleach ar 'Coiste Pleanála Teanga Chloich Cheann Fhaola'
"Is iontach an rud é go raibh scaifte chomh mór i láthair agus go bhfuil pobal Chloich Cheann Fhaola chomh tiomanta agus díograiseach ó thaobh cur chun cinn na Gaeilge sa cheantar. Creidim gur gné rí-thábhachtach den phróiseas pleanála teanga is ea an Fóram pobail. Tá an pobal tar-éis treoir agus comhairle a thabhairt dúinn agus moltaí iontacha déanta acu. Le cuidiú Dé, beidh muid ábalta na gnímh sin a chur i bhfeidhm sa bhliain amach romhainn. Tá muid fíor-bhuíoch don phobal agus do gach duine a chuidiú linn ar an oíche."



## Comharthaíocht & suaitheantaisí – 'seirbhís Gaeilge ar fáil anseo'




Bíonn bunadh na háite agus cuairteoirí i gcónaí a rá go bhfuil siad ag iarraidh níos mó Gaeilge a úsáid agus iad i mbun gnó i gCloich Cheann Fhaola. Ba é seo ceann de na rudaí ar tháinig trasna go láidir ag an Fóram Pleanála Teanga an mhí seo caite. Uaireanta, bíonn sé doiligh a fhios an bhfuil Gaeilge ag an té atá taobh thiar den chabhantar. Chuige sin, tá an Coiste Pleanála Teanga ag cur scéim píolóta i bhfeidhm ionas go mbeidh a fhios ag custaiméirí an bhfuil seirbhís Gaeilge ar fáil. Tá roinnt comharthaí agus suaitheantaisí ullmhaithe againn agus iad ar fáil saor in aisce do gnó an cheantair, bíodh sin siopaí, tithe tábhairní, lóistín, oifigí... gnó ar bith. Beidh sé níos furasta do chustaiméirí a fhios a bheith acu an bhfuil Gaeilge ag an freastalaí agus rogha a dhéanamh an Ghaeilge a úsáid. Creideann muid go gcuirfidh na comharthaí seo go mór le féiniúlacht an cheantair agus go gcothóidh sé dea-íomhá do ghnó an cheantair. Tá súil againn go mbainfidh go leor gnó sa cheantar triall astu agus go bhfeicfidh muid cé chomh héifeachtach is atá siad. Má tá gnó agat agus más mhian leat a bheith páirteach, bí i dteagmháil leis an Oifigeach Pleanála Teanga.

***Beannachtaí na Féile Pádraig oraibh uilig!***



# Cloich Cheann Fhaola Language Planning Forum.

Nearly 100 members of the community attended the first ever meeting of the Cloich Cheann Fhaola Language Planning Forum in Halla Fionnáin last month. The forum has been established to help the language planning committee in their efforts to implement the local Irish-language plan and to get the advice and opinions of the community. Under the direction of the facilitator, Páraic Mac Donncha, the forum made a number of key decisions as regards the direction of the language planning process and it is hoped to put implement the recommendations made at the meeting over the next year. Representatives from many of the area's community and voluntary groups, organisations sports clubs and businesses attended the forum. There was robust debate and many innovative opinions and recommendations were put forward. Among the actions decided on at the meeting were: the implementation of a signage system in local businesses so as customers and visitors know where services in Irish are available; the creation of a forum for young people where the young people can decide on what social activities *as Gaeilge* should be provided for them; and the creation of parent and toddlers groups in Irish. A number of other initiatives were decided on as well. Speaking about the event, Bearnaí ó Ghallchóir, chairperson of Pleanála Teanga Chloich Cheann Fhaola said the following - "We were heartened to see such a sizeable attendance and it is proof that the community here in Cloich Cheann Fhaola realise the importance the Irish-language plays in their lives and in the life of the community and view it as an important resource that can benefit us all. We are delighted with the work the community did at the forum and we hope to see the implemented over the next year".








## Service signs and badges – 'seirbhís Gaeilge ar fáil anseo'




*Locals and visitors are always telling us they would like more opportunities to speak Irish in the businesses of Cloich Cheann Fhaola. This is something that came across strongly at last month's language planning forum. Sometimes, it can be difficult for customers to know if staff have Irish or if the business provides a service in Irish. To help businesses and the public alike, we are introducing a pilot signage scheme. We have created a range of signs and badges for the businesses of the area, be that shops, pubs, retail, offices.... any type of business. These signs will make it easy for customers to know if they can use Irish or to choose to do their business in Irish. Furthermore, we believe they will add to Cloich Cheann Fhaola's identity and brand. The signs and badges are available to any business. We hope to see how they work out and improve on the offering based on the feedback we get from businesses and the public. If you have a business and want to participate, contact the language planning officer*

# Scéim píolóta: Gaelchara, 2019

Tá lúcháir ar 'Coiste Pleanála Teanga Chloich Cheann Fhaola' go bhfuil an Scéim Gaelchara réidh le seoladh. Is scéim píolóta é seo.

### Aidhmeanna na scéime

Is í aidhm na scéime nó deis a sholáthar do fhoghlaimeoirí Gaeilge ionas gur féidir leo feabhas a chur ar a c(h)uid scileanna teanga. Déanfar seo tré deis a thabhairt dóibh an Ghaeilge a chleachtadh mar theanga bheo i suíomh Gaeltachta. Chuige sin, tabharfar deis don fhoghlaimeoir achar ama a chaitheamh i gcomhluadar cainteora dhúchas (an Gaelchara). Beidh an foghlaimeoir ábalta borradh a chur faoina scileanna teanga tré a bheith páirteach i ngníomhaíocht nó caitheamh aimsire leis an chainteoir dúchais: bíodh sin imeacht sóisialta; ag cleachtadh spóirt; ag cleachtadh ceirde; nó tré a bheith páirteach i ngníomhaíocht nó caitheamh aimsire de chineál eile.

Bheadh súil go n-osclóidh an cainteoir dúchais an doras isteach don fhoghlaimeoir go saol na Gaeilge agus go dtabharfar tuilleadh deiseanna don fhoghlaimeoir an Ghaeilge a chleachtadh go nádúrtha, mar theanga phobail. Tá súil fosta go dtabharfar deis don fhoghlaimeoir an teanga a chleachtadh le cainteoirí dúchasacha eile.

Beidh ar an fhoghlaimeoir agus an cainteoir dúchais 30 uair a chloig ar a laghad a chaitheamh ag labhairt agus ag cleachtadh na Gaeilge le chéile. Is féidir na huaireanta sin a dhéanamh am ar bith taobh istigh de thréimhse 10 mí.

### Beidh na rudaí seo a leanas curtha san áireamh agus an t-iarratas a mheas:

- Tiomantas agus dúthracht na rannpháirtithe maidir le húsáid na teanga.
- Cur síos soiléir ar an ghníomhaíocht/caitheamh aimsire agus ar an amchlár.
- Cur síos ar spriocanna teanga an fhoghlaimeora agus ar an chaoi a bhainfear na spriocanna sin amach.
- Luach breise: gníomhaíochta nó uaireanta breise, gnímh eile a chuirfidh le hacmhainn teanga an fhoghlaimeora.

### Eolas eile

Tá an scéim oscailte do: (i) foghlaimeoirí Gaeilge atá cónaí orthu i gCloich Cheann Fhaola, agus (ii) chainteoirí dúchais as Cloich Cheann Fhaola.
Ní an scéim seo fóirsteanach do glanthosaitheoirí nó iad siúd gan bunscileanna na teanga. Tabharfar tús áite d'iarratasóirí a bhfuil leibhéal réasúnta Gaeilge acu, (meánleibhéal íseal nó níos airde).
Beidh ar an fhoghlaimeoir meastóireacht agus tuairisciú a dhéanamh. Déanfar seo trí dialann teanga a líonadh isteach agus taifead a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta.

### Ciste

Cuirfear €350 ar fáil don fhoghlaimeoir Gaeilge agus €350 ar fáil don chainteoir dúchais.
Íocfar leath an deontais ag tús na scéime agus leath ag deireadh an thréimhse.
Caithfear aon mhaoiniú a cheadófar a éileamh taobh istigh de thréimhse 12 mí ón litir tairisceana.
Mar gur scéim píolóta í seo, tá an ciste teoranta.

### Próiseas Iarratais

Caithfidh iarrthóirí foirm iarratais a líonadh isteach.
Déanfaidh Coiste Pleanála Teanga meastóireacht ar na foirm iarratais agus is iad a dhéanfaidh an cinneadh.
Tá an fhoirm iarratais ar fáil ón Oifigeach Pleanála Teanga: cptccf@gmail.com nó 087 2270722

**(Spriocdháta: Dé Máirt 30 Aibreán, 2019)**

# Scéim Gaelchara 2019 (pilot scheme)

'Coiste Pleanála Teanga Chloich Cheann Fhaola' are pleased to announce a new pilot scheme called Gaelchara.

### Aims of the scheme

The aim of the scheme is to give Irish-language learners living in Cloich Cheann Fhaola an opportunity to practice Irish as a living, every-day, community language. The basic idea is that the learner improves his or her spoken Irish by participating in a day-to-day activity or pastime with a native speaker (the Gaelchara) in a Gaeltacht setting. The learner will team-up with a native speaker and both of them will participate in a social, cultural or sporting activity, be that a craft, a pastime, a sport or other activity or pastime. Irish will be the language spoken and practiced during this time. The learner will get the opportunity to practice their Irish and improve their language skills. Additionally, it is hoped the native speaker will introduce the learner to other realms where Irish is spoken as a community language, so as the learner get the opportunity to speak Irish in a natural environment with other native speakers. In the long term, it is hoped a pattern be established where the learner has a wide range of native speakers with whom he or she can speak Irish. The native speaker and the learner are required to commit to a minimum of 30 hours over a 10 month period.

### The following shall be taken into consideration when assessing the applications:

- The language objectives of the learner and how these objectives will be achieved.
- The proposed pastime or activity and a timetable or plan for the Project.
- The motivation of the applicants as regards practicing the language.
- Anything that gives added value to the application: extra hours of practice, any other initiatives or activities that will help the learner improve his or her Irish

### Other information

The scheme is only open to residents of Cloich Cheann Fhaola who are committed to learning Irish and to native speakers of Irish from Cloich Cheann Fhaola.
This scheme does not suit total beginners or those who do not have basic skills in Irish. Priority wil lbe given to those who have a reasonable grasp of Irish (low intermediate or higher)).
The learner must report on their progress. This can be done by keeping a language diary and recording the progress of the project.

### Grant

€350 will be made available to the learner and €350 will be made available to the native speaker.
Half the grant will be paid at the start and the remainder will be paid when the Project is completed to the satisfaction of Coiste Pleanála Teanga Chloich Cheann Fhaola.
Any money awarded must be claimed within a year of the letter of offer.
As this is a pilot scheme, the fund is limited.

### Application process

An Application form must be completed Coiste Pleanála Teanga Chloich Cheann Fhaola will assess the applications and the committee will decide on the awards.

The application form is available from the Oifigeach Pleanála Teanga: cptccf@gmail.com or 087 2270722

**(Closing Date: Tuesday 30 April, 2019)**

# Na Gnímh Gearr - what we hope to achieve

Is iad seo a leanas cuid de na gnímh ar mhaith linn a bhaint amach sa bhliain amach romhainn. Ba iad seo cuid de na rudaí a rinneadh cinneadh orthu ag an Fhóram Pleanála Teanga. Mheas an pobal go raibh siad tábhachtach.

*These are some of the actions we hope to achieve over the next year. These are some of the issues people at the forum felt strongly about.*

- Gur mhaith linn go gcuirfidh gnó sa cheantar scéim comharthaíochta agus shuaitheantais 'seirbhís Gaeilge ar fáil' i bhfeidhm.
- Go ndéanfar físeáin a léiríonn na buntáistí a bhaineann le páistí a thógáil leis an Ghaeilge agus an dóigh is fearr leis é sin a dhéanamh.
- Go mbunófar (nó go ndéanfar athbheochan ar) grúpa drámaíochta Gaeilge sa cheantar laistigh de dhá bhliain.
- Grúpaí Thachráin & Tuistí Gaeilge a bhunú ar fud Chloich Cheann Fhaola.
- Go mbunófar Fóram na n-Óg do dhaoine óga idir 13 agus 18 bliain d'aois agus go ndéanfaidh an fóram sin cinneadh maidir le deiseanna sóisialta a chur ar fáil do dhaoine óga i nGaeilge .
- Deiseanna sóisialta i nGaeilge a chur ar fáil do daoine fásta. (Mar shamplaí: ceardlanna oiliúna, ranganna & deiseanna traenála i nGaeilge; ranganna cócaireachta i nGaeilge; yoga; club siúlóid sléibhe; siamsaíocht i nGaeilge, srl.).

Fáiltíonn an coiste roimh mholtaí ón phobal. Tá bhur gcomhairle uainn.

- To introduce a signage scheme in the businesses of the area so as customers know if there is a service in Irish available.
- To produce a video outlining the benefits of raising your children in Irish and the best way to ensure they have Irish.
- That an Irish-language drama group be established within two years (or revival of a group)
- Establish Irish-Language Parents and Toddlers groups in the area..
- To establish a Forum where teenagers decide on opportunities to socialise in Irish and to implement the actions decided upon.
- Create more opportunities for adults to socialise in Irish. (for example, training courses, yoga, cooking classes, hill-walking club, etc.).

We welcome the community's input and advice at all times.

## *Lá Fhéile Pádraig - comórtas do pháistí faoi 12 bliain d'aois. Duais €25*



### *Léigh na treoracha, críochnaigh agus dathaigh an pictiúr.*

**Cuir dath glas ar hata Naomh Pádraig. Tarraing cros ar an hata.**

**Cuir seamróg i lámh dheas Naomh Pádraig.**

**Cuir bata mór i lámh chlé Naomh Pádraig. Cuir dath donn ar an mbata.**

**Cuir dath liath ar éadaí Naomh Pádraig.**

**Cuir crios thart a bholg. Cuir dath dubh ar an gcrios.**

**Tarraing deich bláth san fhéar.**

**Tarraing trí scamall sa spéir.**

**Tarraing an ghrian sa spéir freisin. Tá sé ag taitneamh.**

Is féidir iontrálacha a fhágáil sa tSean Bheairic roimh 5ú Aibreán

**Teagmháil: cptccf@gmail.com nó 087 2270722**